2026/2144

23.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2144 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1765 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021–2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1765 ([1]), lena leagtar amach na prionsabail agus na treoshuíomhanna le haghaidh an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le haghaidh na tréimhse 2021-2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ('an Coiste Speisialaithe um Iascach'). Sa Choiste Speisialaithe um Iascach, téann an Coimisiún i mbun comhairliúcháin thar ceann an Aontais ar bhonn sheasaimh an Aontais arna sonrú ag an gComhairle faoi fhorálacha ábhartha an Chonartha, agus dlúthchomhar á áirithiú aige leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(2) Rinneadh athbhreithniú ar Chinneadh (AE) 2021/1765 i mí Iúil 2023 agus thángthas ar an gconclúid nach raibh gá le haon leasú. Ós rud é nár sainaithníodh aon saincheist cur chun feidhme ó shin, tá Cinneadh (AE) 2021/1765 fós oiriúnach dá fheidhm.

(3) Rachaidh Cinneadh (AE) 2021/1765 in éag an 31 Nollaig 2026. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur lena chur i bhfeidhm maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iascach a bhaineann le gníomhartha nó le bearta a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo.

(4) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach Chinneadh (AE) 2021/1765. Ba cheart a mheas san athbhreithniú an bhfuil gá le haon leasú agus, más iomchuí, ba cheart togra le haghaidh leasú a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú.

(5) Tá Parlaimint na hEorpa le cur go hiomlán ar an eolas láithreach, de bhun Airteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2021/1765 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) Cinneadh (AE) 2021/1765 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021–2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 355, 7.10.2021, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1765/oj).

([2]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

Airteagal 1

I gCinneadh (AE) 2021/1765, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘*Airteagal 3*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Meitheamh 2038.

Déanfaidh an Chomhairle é a athbhreithniú de réir mar is gá agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sí é a leasú ar thogra ón gCoimisiún. Déanfar athbhreithniú in aon chás faoin 31 Nollaig 2036.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE